Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14183/23

LIMITE

PECHE 436

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0330(NLE)**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/170/AE, lena mbunaítear liosta de thríú tíortha neamh-chomhoibríocha sa chomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, a mhéid a bhaineann le Poblacht Oileán na Tríonóide agus Tobága<br>- Glacadh |

1. An 25 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/170/AE, lena mbunaítear liosta de thríú tíortha neamh-chomhoibríocha sa chomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, a mhéid a bhaineann le Poblacht Oileán na Tríonóide agus Tobága[1].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra an 5 Deireadh Fómhair 2023. Mhol Seirbhís Dlí na Comhairle modhnú dlíthiúil. D'fhormheas an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an comhréiteach[2] ón Uachtaránacht leis an athrú a luadh roimhe sin an 12 Deireadh Fómhair 2023.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a dheimhniú agus a mholadh don Chomhairle ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo:

   - an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme mar a leagtar amach in 14254/23 é ( mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air) a ghlacadh.

[1] 13315/23
[2] 13904/23